

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

L 308



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

29 Samhain 2022

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Tarmlichte (AE) 2022/2328 ón gCoimisiún an 16 Lúnasa 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ionstraimí foluiteacha coimhthíocha agus na hionstraimí lena ngabhann priacail iarmharacha chun críocha ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh priacail iarmharacha ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2329 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir leis na hiontrálacha a bhaineann leis an Éigipt agus leis an Tuirc ar an liosta de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna n-údaráitear coinsíneachtaí each-ainmhithe teacht isteach san Aontas ⁽¹⁾ 5
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2330 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2022 lena ndeonaítear údarú ón Aontas le haghaidh an tairge bhithicídigh aonair “Christiansen LD Bednet” i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ 8

CINNTEÍ

- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2331 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 maidir le Cathaoirleach ar an mBord Réitigh Aonair agus comhalta lánaimseartha den Bhord Réitigh Aonair a cheapadh 16
- ★ Cinneadh (AE) 2022/2332 ón gComhairle an 28 Samhain 2022 maidir le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a shainaithint mar limistéar coireachta a chomhlíonann na critéir a shonraítear in Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh 18
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2022 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le bolgach caorach agus bolgach gabhar sa Spáinn agus lena naisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1913 (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 8629) ⁽¹⁾ 22

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2328 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Lúnasa 2022

lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ionstraimí foluiteacha coimhthíocha agus na hionstraimí lena ngabhann priacail iarmharacha chun críocha ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh priacail iarmharacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 325u(5), an ceathrú fómhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá sonraíocht na n-ionstraimí a thagraíonn d'ionstraim fholuiteach choimhthíoch dá bhforáiltear in Airteagal 325u(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 sách soiléir chun go bhféadfaidh institiúidí a shainaitheant cad is ionstraim fholuiteach coimhthíoch ann chun críocha ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh priacail iarmharacha a leagtar amach in Airteagal 325u. Dá bhrí sin, níl gá le haon sonraíocht bhreise ar bhrí ionstraimí foluití coimhthíche.
- (2) Go háirithe, comhlíonann priacal fad saoil, an aimsir, tubaistí nádúrtha agus luaineacht a réadófar sa todhchaí an tsonraíocht d'ionstraim fholuiteach choimhthíoch, i gcomhréir leis an léiriú a thugtar sa chreat idirnáisiúnta ábhartha arna shainiú ag Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB).
- (3) Níl an sainmhíniú ar ionstraimí a ngabhann priacail iarmharacha leo dá bhforáiltear in Airteagal 325u(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 soiléir go leor chun go mbeidh institiúidí in ann ionstraimí áirithe lena ngabhann priacail iarmharacha a shainaitheant. Dá bhrí sin, ba cheart liosta ionstraimí lena ngabhann priacail iarmharacha, cé nach liosta uileghabhálach a bheadh ann, a shonrú chun méid áirithe comhchuibhithe agus comhsheasmhachta a áirithiú sa chaoi a gcaitear le hionstraimí a ngabhann na priacail sin leo ar fud an Aontais. Ba cheart eilimintí an liosta sin a roghnú agus creat idirnáisiúnta ábhartha CBMB á chur san áireamh. I gcás ionstraimí eile ina bhfuil toimhde go ngabhann priacail iarmharacha leo, ba cheart d'institiúidí a mheas an gcomhlíonann na hionstraimí sin an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 325u(2), pointe (b), den Rialachán sin.
- (4) I bhfianaise an chineáil neamhchaighdeánaigh de go leor de na hionstraimí a ngabhann priacal iarmharach leo, ba cheart liosta neamh-uileghabhálach priacal, ar priacail nár cheart a bheith iontu féin ina spreagadh do chur san áireamh ionstraimí faoin sainmhíniú ar ionstraimí lena ngabhann priacail iarmharacha, a shonrú freisin d'fhonn deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht níos fearr a sholáthar. Mar sin féin, ba cheart d'institiúidí a mheas an bhféadfaí ionstraim atá neamhchosanta ar na priacail sin a mheas mar ionstraim atá neamhchosanta ar phriacal iarmharach má chomhlíonann an ionstraim ceann de na coinníollacha eile dá dtagraítear in Airteagal 325u(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

⁽¹⁾ IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

- (5) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.
- (6) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a réachtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sonraíocht ionstraimí foluiteacha coimhthíocha

Measfar gur ionstraimí foluiteacha coimhthíocha iad priacal fad saoil, an aimsir, tubaistí nádúrtha agus luaineacht a réadófar sa todhcháí, chun críocha Airteagal 325u(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Airteagal 2

Sonraíocht ionstraimí a ngabhann priacail iarmharacha leo

Measfar gur ionstraimí lena gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 325u(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 iad na hionstraimí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus measfar gur ionstraimí iad a ngabhann priacail iarmharacha leo.

Airteagal 3

Sonraíocht ionstraimí gan toimhde go ngabhann priacail iarmharacha leo

Ní mheasfar go gcomhlíonann ionstraim na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 325u(2), pointí (b)(i) agus (ii) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar na forais, agus ar na forais sin amháin, go ngabhann ceann amháin nó níos mó de na priacail seo a leanas léi:

- (a) priacal a eascraíonn as idirbhearta inar féidir an oibleagáid seachadta a chomhlíonadh laistigh de raon ionstraimí inseachadta agus i gcás ina bhfuil an deis ag an gcontrapháirtí an ionstraim is lú luach de na hionstraimí sin a sheachadadh;
- (b) priacal go n-athrófaí luaineacht intuigthe ionstraime a bhfuil roghnaíocht aici, i gcoibhneas le luaineacht intuigthe ionstraimí eile a bhfuil roghnaíocht acu a bhfuil an ionstraim fholuiteach agus an aibíocht chéanna acu, ach a bhfuil airgeadúlacht dhifriúil acu;
- (c) priacal comhghaoil a eascraíonn as rogha innéacs, i gcás ina gcomhlíonann an t-innéacs na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 325i(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
- (d) priacal comhghaoil a eascraíonn as céadrogha i ngnóthas comhinfheistíochta a bhfuil tagarmharc innéacs á rianú aige, i gcás ina gcomhlíonann an rianú na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 325j(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus ina gcomhlíonann an t-innéacs na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 325i(3) den Rialachán sin;
- (e) priacal díbhinne a eascraíonn as ionstraim dhíorthach ar mó ná íocaíochtaí díbhinne atá ina hionstraim fholuiteach.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Liosta na n-ionstraimí lena ngabhann priacail iarmharacha dá dtagraítear in Airteagal 2

Aon cheann de na nithe seo a leanas a bheidh sna hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 2:

1. céadroghanna ina bhfuil na dea-thorthaí ag brath ar na céimeanna a leanann praghas na sócmhainne foluití seachas a bheith ag brath ar a praghas deiridh ar an dáta feidhmithe agus air sin amháin;
2. céadroghanna a thosaíonn ar dháta réamhshainithe sa todhchaí agus nach bhfuil a bpraghas ceangail cinntithe go fóill tráth a bhfuil an céadrogha i leabhar trádála na hinstitiúide;
3. céadroghanna ar céadrogha eile í a n-ionstraim fholuiteach;
4. céadroghanna lena mbaineann dea-thorthaí neamhleanúnacha;
5. céadroghanna lena gceadaítear don sealbhóir praghas ceangail nó téarmaí eile an chonartha a mhodhnú roimh aibíocht na gcéadroghanna;
6. céadroghanna is féidir a fheidhmiú ar shraith fhinideach dátaí réamhshocraithe;
7. céadroghanna a bhfuil a n-ionstraim fholuiteach ainmnithe in airgeadra amháin ach a ndéantar a ndea-thorthaí a shocrú in airgeadra eile, le ráta malairte réamhshocraithe idir an dá airgeadra;
8. céadroghanna il-fholuiteacha, cé is moite díobh siúd dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (c) agus (d);
9. céadroghanna atá faoi réir priacal iompraíochta, i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas, agus sa chás sin amháin:
 - (a) gur le cliant miondíola atá an chéadrogha;
 - (b) go gcoimeádtar méid suntasach de na céadroghanna sin sa leabhar trádála;
 - (c) go measann an institiúid go bhfuil priacal iompraíochta na gcéadroghanna sin ábhartha.

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2329 ÓN gCOIMISIÚN
an 28 Samhain 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir leis na hiontrálacha a bhaineann leis an Éigipt agus leis an Tuirc ar an liosta de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna n-údaráítear coinsíneachtaí each-ainmhithe teacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 230(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos, *inter alia*, na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch, agus tá feidhm aige ón 21 Aibreán 2021. Ceann de na ceanglais sláinte ainmhithe sin is ea nach mór do na coinsíneachtaí sin teacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin.
- (2) Tá Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ⁽²⁾ ón gCoimisiún mar fhorlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d’ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha, nó ó chriosanna nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, is éard a fhoráiltear nach gceadófar coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha ná táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoina raon feidhme a theacht isteach san Aontas ach amháin más ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a thagann siad, a liostaítear le haghaidh an speicis agus na gcatagóirí áirithe sin ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch i gcomhréir leis na ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe sin.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ⁽³⁾ bunaítear na liostaí de thríú tíortha nó de chríocha, nó de chriosanna nó de dheighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear do na speicis agus do na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí a leagan amach in Iarscríbhinn I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin.
- (4) Le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach liosta de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna n-údaráítear coinsíneachtaí each-ainmhithe teacht isteach san Aontas.
- (5) Liostaítear an Tuirc in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, sanntar í do Ghrúpa Sláintíochta E agus déantar í a réigiúnú mar chrios TR-1 chuig cúigí áirithe thiar thuaidh. I mí na Nollag 2020, d’iarr an Tuirc ar an gCoimisiún síneadh a chur le crios TR-1 óna bhfuil teacht isteach capall cláraithe san Aontas údaraithe ag cúigí Bursa, Eskişehir agus Kocaeli agus chuir an Tuirc ráthaíochtaí ar fáil chun tacú leis an iarraidh sin.

⁽¹⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liosta de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

- (6) Tar éis don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an doiciméadacht a chuir an Tuirc ar fáil, tháinig sé ar an gconclúid gur leor na ráthaíochtaí a thairg údarás inniúil lárnach na Tuirce chun teacht isteach san Aontas agus idirthuras tríd a údarú, chomh maith le teacht isteach capall cláraithe athuair tar éis a n-onnmhairithe shealadaigh ó chrios nua TR-1 sa Tuirc.
- (7) Liostaítear an Éigipt in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, sanntar í do Ghrúpa Sláintíochta E agus déantar í a réigiúnú í mar chrios EG-1 do gobharnóireachtaí áirithe ó thuaidh. I mí na Nollag 2021, d'iarr an Éigipt ar an gCoimisiún údarú a thabhairt capaill chláráithe a theacht isteach san Aontas ó chrios nua agus thug sí ráthaíochtaí don Choimisiún maidir le limistéar saor ó ghalair eachaí a bhunú ag an gCoraintín Tréidliachta Póilíneachta le haghaidh Eachaí ag Bóthar Desert CAIRO/SWISS ar imeall thoir Chaireo atá nasctha trí Aerfort Idirnáisiúnta Chaireo.
- (8) Tar éis don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an doiciméadacht a chuir an Éigipt ar fáil, tháinig sé ar an gconclúid gur leor na ráthaíochtaí a thairg údarás inniúil lárnach na Éigipte chun údarú a thabhairt capaill chláráithe a theacht isteach san Aontas agus idirthuras a dhéanamh tríd, ón gcrios sin san Éigipt.
- (9) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.
- (10) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón 21 Aibreán 2021, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus chun trádáil a éascú, is práinneach éifeacht a bheith ag na leasuithe atá le déanamh ag an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.
- (11) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) i gCuid 1, san iontráil a bhaineann leis an Éigipt, cuirtear isteach an crios EG-2 seo a leanas:

“ EG An Éigipt	EG-2	E	Capaill chláráithe	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X”				
--------------------------	------	---	--------------------	----------------------------	--	--	--	--

(2) Leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann leis an Éigipt, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas ar chrios EG-2:

“An Éigipt	EG-2	An Crios atá Saor ó Ghalair Eachaí (EDFZ) de mhéid thart ar 7.5 acra, arna bhunú ag an gCoraintín Tréidliachta Póilíneachta le haghaidh Eachaí ag Bóthar Desert CAIRO/SWISS i gciliméadar 26, ar imeall thoir Chaireo, (a bhfuil a lárphointe ag 30°05'21.4"N, 31°28'30.1"E) agus an pasáiste mhórbhealaigh de thart ar 6 km ar Dhroichead El Rehab agus Bóthar Suez agus Bóthar an Aerfoirt go hAerfort Idirnáisiúnta Chaireo.”
------------	------	--

(b) san iontráil a bhaineann leis an Tuirc, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na tuairisce ar chrios TR-1:

“An Tuirc	TR-1	Cúigí Ankara, Bursa, Edirne, Eskişehir, Istanbul, Izmir, Kirklareli, Kocaeli agus Tekirdag.”
-----------	------	--

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2330 ÓN gCOIMISIÚN**an 28 Samhain 2022****lena ndeonaítear údarú ón Aontas le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair “Christiansen LD Bednet”
i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ⁽¹⁾, agus go háirithe an chéad fhomhír d’Airteagal 44(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 3 Meitheamh 2016, chuir Christiansen SARL iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (“an Ghníomhaireacht”) i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 le haghaidh údarú Aontais le haghaidh táirge bithicídeach aonair ar a dtugtar “Christiansen LD Bednet” de chineál táirge 18, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug sé deimhniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na Danmhairge meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Rinneadh taifead den iarratas faoin gcás-uimhir BC-GK024706-40 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.
- (2) Is í sármheitrín substaint ghníomhach “Christiansen LD Bednet”, ar substaint í a airítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineál táirgí 18.
- (3) An 7 Nollaig 2020, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tuarascáil mheasúnaithe agus conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta.
- (4) An 5 Iúil 2021, chuir an Gníomhaireacht tuairim ⁽²⁾, an dréacht-achóimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh (“SPC”) atá ag “Christiansen LD Bednet” agus an tuarascáil mheasúnaithe deiridh ar an táirge bithicídeach aonair faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.
- (5) Is é conclúid na tuairime gur táirge bithicídeach é “Christiansen LD Bednet” de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (r), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, táirge bithicídeach atá incháilithe d’údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus, faoi réir chomhlíonadh an dréacht-SPC, go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) den Rialachán sin.
- (6) An 22 Iúil 2021, rinne an Gníomhaireacht an dréacht-SPC i dteangacha oifigiúla uile an Aontais a tharchur chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.
- (7) Molann an Gníomhaireacht gan an táirge a údarú ach lena úsáid faoi dhíon de bharr na rioscaí a shainaitheann maidir le hurranna fionnuisce agus dríodair, agus mhol sí freisin bearta maolaithe riosca chun an comhshaol a chosaint. Áiríthítear leis na bearta sin nach mbeidh aon tionchar ar an gcomhshaol ag an táirge.

⁽¹⁾ IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.⁽²⁾ Tuairim ECHA an 18 Meitheamh 2021 maidir le húdarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh “Christiansen LD Bednet” (ECHA/BPC/285/2021), <https://echa.europa.eu/it/opinions-on-union-authorisation>.

- (8) An 12 Deireadh Fómhair 2021, leasaigh an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha tuarascáil an údaráis inniúil mheastóireachta maidir leis an tsubstaint ghníomhach sármheitrin ionas go ndéanfar conclúidí mheitheal um an gcomhshaol a chur chun feidhme, conclúidí a bhaineann le dianseasmhacht na substainte sin.
- (9) Ós rud é nach bhfuil sármheitrin sainaitheanta go foirmiúil fós mar shubstaintí atá inbhreithnithe i gcomhréir le hAirteagal 10(5) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ní cheanglaítear go ndéanfar aon mheasúnú comparáideach de bhun Airteagal 23 den Rialachán sin, agus féadfar údarú an táirge a dheonú ar feadh uastréimhse 10 mbliana. Níor measadh go raibh aon bheart maolaithe riosca breise riachtanach chun a chur san áireamh go bhfuarthas go raibh sármheitrin marthanach.
- (10) Aontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé gurb íomchuí, dá bhrí sin, údarú Aontais le haghaidh “Christiansen LD Bednet” a dheonú.
- (11) I bhfianaise go ndearnadh an measúnú nochta maidir le sláinte an duine agus leis an gcomhshaol agus é bunaithe ar uasmhéid an táirge bhithicídigh, measann an Coimisiún freisin gur cheart a chur san áireamh i dtéarmaí agus coinníollacha an údaraithe nár cheart aon táirge bithicídeach de mhéid níos mó ná sin a chur ar fáil ar an margadh.
- (12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0026815-0000 aige do Christiansen SARL chun an táirge bithicídeach aonair “Christiansen LD Bednet” a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus i gcomhréir leis an achoimre ar thréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 19 Nollaig 2022 go dtí an 30 Samhain 2032

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I***TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA (EU-0026815-0000)**

Deonaítear údarú an eangáí cóireáilte le haghaidh uasmhéid 21,2 m².

IARSCRÍBHINN II

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicéideach

Christiansen LD bednet

Cineál táirge 18 - Feithidicídí, acairicídí agus táirgí chun artrapóid eile a shrianadh (Srianadh lotnaidí)

Uimhir an údaraithe: EU-0026815-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0026815-0000

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN**1.1. Trádainm (nó trádainmneacha) an táirge**

Trádainm (nó trádainmneacha)	Líon leapa LD Christiansen Cúram Plus Mosquito Net Feithid Ecran Moustiquaire Imprégnée Longue Durée Cúram & tú Prév Kit Moustiquaires Pharmavoyage Moustiquaire Imprégnée Longue Durée Codladh mé níos sábháilte LD líonta Mosquito Leaba Glan
------------------------------	--

1.2. Sealbhóir an údaraithe

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	CHRISTIENSEN SARL
	Seoladh	719 Chemin de Repentance, 13100 Aix en Provence An Fhrainc
Uimhir an údaraithe	EU-0026815-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0026815-0000	
Dáta an údaraithe	19 Nollaig 2022	
Dáta éaga an údaraithe	30 Samhain 2032	

1.3. Déantóir (nó déantóirí) an táirge

Ainm an déantóra	Hebei Light Tionscail Táirgí Imp.EASP Corporation Ltd
Seoladh an déantóra	26 Bóthar Zhongjiu, Sráid Youyi N., 050071 Shijiazhuangchina. kgm An tSín
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Ningjin Shuangli cniotála Co, Ltd, Sráidbhailte Dalu, Ningjin Contae, 055551 Hebei An tSín

Ainm an déantóra	IOMPÓRTÁIL AGUS ONNMHAIRIÚ SHIJIAZHANG ORIENTAL HORIZON CO.,LTD
Seoladh an déantóra	UIMH.448 BÓTHAR HEPING IARTHAR, 050072 SHIJIAZHANG An tSín
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Shenzhen Yutong CNIOTÁLA CO, LTD, Sráidbhaile Xiduzhuang, Baile Shenzhou, Shenzhou Cathrach, Hengshui Cathrach, 055551 Hebei An tSín

1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha

Substaint ghníomhach	Permethrin
Ainm an déantóra	Tagros Chemicals India Ltd.
Seoladh an déantóra	Ionad Jhaver, Foirgneamh Rajah Annamalai, Urlár IV, 72 Bóthar Marshalls, Egmore, 600 008 Chennai An India
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	A -4/1 & 2, Coimpléasc Tionsclaíoch SIPCOT, Pachayankuppam, Cuddalore, 607 005 Tamil Nadu An India

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Permethrin		Substaint Ghníomhach	52645-53-1	258-067-9	0,9

2.2. Cineál foirmlithe

LN - Eangach fheithidicídeach bhuan

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM

Ráitis ghuaise	An-tocsaineach don saol uisceach le héifeachtaí buana. Tá peirimeitrim ann. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomhú ailéirgeach.
Ráitis réamhchúraim	Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol. Diúscair coimeádán chuig dramhaíl de réir na reachtaíochta náisiúnta..

4. ÚSÁID (NÓ ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE

4.1. Tuairisc úsáide

Tábla 1

Úsáid # 1 – Neamhghairmiúil

An cineál táirge	PT18 - Feithidicídí, acairicídí agus táirgí chun artrapóid eile a shrianadh (Srianadh lotnaidí)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Líontán leapa atá cóireáilte le feithidicíd neamh-in-nite le húsáid i limistéir thrópaiceacha amháin. Is feithidicíd teagmhála é líontán leapa Christiansen, a choscann muiscítí ar phriocadh. Níl a úsáid údaraithe ach i limistéir thrópaiceacha i gcoinne Anopheles spp. agus Aedes spp.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Anopheles Gnáthainm: Muiscítí Anopheles Céim na forbartha: Ainmhithefásta Ainm eolaíoch: Aedes Gnáthainm: Muiscítí Aedes Céim na forbartha: Ainmhithefásta
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Cosaint phearsanta Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Feistigh os cionn na leapa chun muiscítí a chosc ar dhul isteach.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Is táirge teicstíle é seo a úsáidtear ar leaba; níl aon ráta feidhmithe. Airí caolaithe: - Airí uainithe: Is líontán leapa teicstíle é seo le húsáid os cionn leapa san oíche agus ag breacadh an lae.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	An pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Saicín, Plaisteach: PET, D90 x H22 cm Saicín, Plaisteach: PET, L22 x 14 x 8 cm Saicín, Plaisteach: PET, D10 x H25 cm Saicín, Plaisteach: PET, 22 x 22 x 8 cm Saicín, Plaisteach: PET, D140 x H34 cm Saicín, Plaisteach: PET, 25 x 25 x 9 cm Saicín, Plaisteach: PET, 24 x 26 x 9 cm i mbosca cairtchláir Saicín, Plaisteach: PET, D110 x H27 cm Saicín, Plaisteach: PET, D100 x 25 cm Saicín, Plaisteach: PET, D120 x H37 cm Saicín, Plaisteach: PET, D130 x 28 cm Saicín, Plaisteach: PET, D150 x H39 cm Saicín, Plaisteach: PET, L26 x W20 cm Saicín, Plaisteach: PET, 17 x 20 x 6 cm i mbosca cairtchláir Saicín, Plaisteach: PET, L39 x W32 x 8 cm Saicín, Plaisteach: PET, D100 x 59L cm Saicín, Plaisteach: PET, D60 x H16 cm Saicín, Plaisteach: PET, D70 x H18 cm

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach Treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach Treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach Treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach Treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coimníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach Treoracha ginearálta maidir le húsáid.

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ⁽¹⁾**

5.1. **Treoracha úsáide**

Léigh na treoracha atá ag gabháil leis sula mbaineann tú úsáid as an táirge.

Déan de réir na dtreoracha úsáide.

Ní údaraítear an táirge ach lena úsáid i gceantair thrópaiceacha mar a bhfuil an baol ann go scaipfeadh na speicis muiscíte atá i gceist galair veicteoir-iompartha.

Ná fág faoi fhad láimhe leanaí nó peataí é nuair nach bhfuil sé in úsáid.

Feistigh barr an líontáin os cionn na leapa, agus cuir an t-imeall íochtarach go cúramach faoin tocht, ionas nach bhfuil aon spás fágtha a ligfeadh muiscítí isteach.

Cuir modhanna neamhcheimiceacha i bhfeidhm mar shampla gnáthlíonta feithidí ar na fuinneoga más féidir d'fhonn úsáid bithicídí a íoslaghdú. Moltar an líontán leapa atá cóireáilte le feithidicídí a úsáid nuair nach leor modhanna eile chun muiscítí a chosc, nó mura bhfuil siad indéanta (m.sh. agus tú ag taisteal) nó i gceantair ina bhfuil riosca ard galair veicteoir-iompartha.

I gcás inmhíolú leanúnach, chun an riosca frithsheasmhachta a íoslaghdú, úsáid táirgí difriúla ina bhfuil substaintí gníomhacha éagsúla.

Cuir sealbhóir an údaraith ar an eolas mura bhfuil an chóireáil éifeachtach.

Ná cóireáil an líontán leapa le feithidicíd nó éarthacha.

Faigh bednet nua i gcás damáiste (m.sh. poill).

Ná codlaíodh ainmhithe tí amhail cait in aice leis an líontán leapa.

Ná húsáid an líontán leapa ach laistigh.

NÁ GLÁN AGUS NÁ TIRIMGHLAN AN TÁIRGE

Ná hiarnáil an táirge.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Coinnigh cait ar shiúl ón táirge. Mar gheall ar a n-íogaireacht ard ar shármheitrín d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomhuithe díobhálacha troma.

Seachain teagmháil leis an gcráiceann agus leis na súile.

Nigh do lámha le huisce agus gallúnach tar éis duit an táirge a fheistiú agus a bhaint.

(1) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraith.

NÁ nigh an táirge seo, mar gheall ar an riosca don chomhshaol.

Úsáid an líontán leapa mar a léirítear sna treoracha úsáide. Ná húsáid chun críocha eile.

Coinnigh ar shiúl ó bhia, deochanna agus ábhair bheathaithe ainmhithe.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

— D'fhéadfadh pairéistéise (dó agus griofadach an chraicinn gan ghreannú) a bheith mar thoradh ar phireatróidí. Má mhaireann na hairíonna: Faigh comhairle leighis.

— MÁ IONANÁILTEAR: Má tharlaíonn airíonna cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

— MÁ SHLOGTAR: Má tharlaíonn airíonna cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

— I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann le gallúnach agus le huisce. Má tharlaíonn comharthaí cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

— I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Má tharlaíonn airíonna sruthlaigh le huisce. Bain lionsaí teagmhála, más ann dóibh agus más furasta sin a dhéanamh. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Réamhchúraimí comhshaoil:

Tá cosc ar scaoileadh leis an gcomhshaol, le huisce, le screamhuisce, le hithir. Diúscair ag saoráid dramhaíola guaisí.

Má théann an táirge isteach i ndraenacha nó i séaraigh, déan teagmháil láithreach leis an údarás uisce áitiúil; i gcás éilliú sruthanna, aibhneacha nó lochanna, déan teagmháil le húdarás náisiúnta.

Tá sármheitrín sa táirge seo atá contúirteach do bheacha.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ná diúscair iad i séaraigh ná i gcanálacha uisce báistí.

Ná hathúsáid agus ná hathchúrsáil an táirge. Diúscair táirgí gan úsáid, pacáistiú éillithe agus líontáin leapa úsáidte mar dhramhaíl ghuaiseach.

Diúscair coimeádáin fholmha de réir na rialachán áitiúil.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Stóráil: Dálai stórála sábháilte, agus aon neamhchomhoiriúnachtaí:

— Coinnigh amach ó leanaí agus ó pheataí (go háirithe cait) é.

— Coinnigh an pacáistiú dúnta go docht.

— Déan de réir réamhchúraimí an lipéid.

— Stóráil sa phacáiste bunaidh mar a shonraítear anseo.

— Coinnigh amach as solas díreach.

— Stóráil ar shiúl ó sholas díreach na gréine nó ó fhoinsí eile teasa.

— Stóráil ar leithligh ó oibreáin ocsaídiúcháin agus ó alacailí láidre agus ó aigéid láidre.

Ábhar pacáistithe / umair: Moltar pacáistiú plaisteach a úsáid.

Úsáid(t) deiridh sonracha(a):

Stóráil ag teocht chomhthimpeallach

Seilfré: 36 mhí

6. **FAISNÉIS EILE**

Is líon poileistir é an líontán leapa a dhéanann CHRISTIANSEN

CINNÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2331 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Samhain 2022

maidir le Cathaoirleach ar an mBord Réitigh Aonair agus comhalta lánaimseartha den Bhord Réitigh Aonair a cheapadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 56(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don fhorghreag ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 28 Meán Fómhair 2022, tar éis éisteacht a thabhairt don Bhord Réitigh Aonair (“an Bord”) ina sheisiún iomlánach, ghlac an Coimisiún gearrliostaí iarrthóirí chun Cathaoirleach ar an mBord agus comhalta lánaimseartha den Bhord a cheapadh agus chuir sé ar fáil do Pharlaimint na hEorpa iad.
- (2) Cuireadh an Chomhairle ar an eolas freisin faoi na gearrliostaí a cuireadh ar fáil do Pharlaimint na hEorpa.
- (3) De bhun Airteagal 56(5) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, 5 bliana a mhairfidh téarma oifige an Chathaoirligh ar an mBord agus an chomhalta den Bhord.
- (4) An 12 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún togra chun Dominique LABOUREIX a cheapadh ina Chathaoirleach ar an mBord, agus Tuija TAOS a cheapadh ina comhalta lánaimseartha den Bhord, agus chuir sé an togra seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa lena fhorghreag.
- (5) D’fhorghreag Parlaimint na hEorpa an togra sin an 10 Samhain 2022,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, ceaptar an duine seo a leanas mar Chathaoirleach ar an mBord Réitigh Aonair ar feadh téarma oifige 5 bliana ón 9 Eanáir 2023:

— Dominique LABOUREIX.

2. Leis seo, ceaptar an duine seo a leanas mar chomhalta lánaimseartha den Bhord Réitigh Aonair ar feadh téarma oifige 5 bliana ón 22 Márta 2023:

— Tuija TAOS.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽¹⁾ IO L 225, 30.7.2014, lch. 1.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Samhain 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. SÍKELA

CINNEADH (AE) 2022/2332 ÓN gCOMHAIRLE**an 28 Samhain 2022****maidir le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a shainaithe mar limistéar coireachta a chomhlíonann na critéir a shonraítear in Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(1), an tríú fómhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le hAirteagal 29 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) gur féidir leis an gComhairle cinntí a ghlacadh lena sainítear cur chuige an Aontais maidir le hábhar ar leith de chineál geografach nó téamach, lena n-áirítear bearta sriantacha.
- (2) Le hAirteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CAE), cuirtear ar chumas na Comhairle bearta sriantacha a ghlacadh in aghaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha, nó in aghaidh eintitis neamhstáit, nó bearta a ghlacadh lena bhforáiltear go ndéanfar an caidreamh eacnamaíoch agus airgeadais le tríú tír amháin nó níos mó a bhriseadh nó a laghdú, i bpáirt nó go hiomlán, ar bhonn cinnidh de bhun Airteagal 29 CAE. Ba cheart pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit i gcás sárúithe ar Rialacháin ón gComhairle maidir le bearta sriantacha an Aontais.
- (3) Ní chumhdaítear leis an gcinneadh seo ach amháin bearta sriantacha an Aontais arna nglacadh Aontas ar bhonn Airteagal 29 CAE nó Airteagal 215 CAE, amhail bearta a bhaineann le cistí agus acmhainní eacnamaíocha a reo, an toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil agus toirmeasc ar theacht isteach i gcríoch Ballstáit den Aontas, chomh maith le bearta eacnamaíocha earnálacha agus trádbhaic arm.
- (4) Is gá do na Ballstáit pionóis éifeachtacha chomhréireacha athchomhairleacha a bheith i bhfeidhm i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais. Ní mór do na pionóis sin aghaidh a thabhairt freisin ar dhul timpeall bhearta sriantacha an Aontais.
- (5) Áirithíonn an Coimisiún comhordú idir na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais maidir le forfheidhmiú bhearta sriantacha an Aontais a glacadh i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise san Úcráin agus rinne sé measúnú ar an idirghníomhaíocht idir bearta sriantacha agus bearta dlí choiriúil.
- (6) Faoi láthair, ní fhoráiltear le hAirteagal 83(1) CAE maidir le rialacha íosta a bhunú maidir leis an sainmhíniú agus na pionóis i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais, ós rud é nach bhfuil a sárú ann féin cumhdaithe faoi na réimsí coireachta a liostaítear san Airteagal sin. Is iad seo a leanas na réimsí coireachta a liostaítear faoi láthair sa dara fómhír d'Airteagal 83(1): an sceimhlitheoireacht, an gháinneáil ar dhaoine, teacht i dtír gnéasach ar mhná agus ar leanaí, an gháinneáil aindleathach ar dhrugaí, an gháinneáil aindleathach ar airm, sciúradh airgid, an éillitheacht, góchumadh modhanna íocaíochta, coireacht ríomhairí agus an choireacht eagraithe. Is féidir le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a bheith bainteach, áfach, i gcásanna áirithe le cionta coiriúla a chumhdaítear le roinnt de na réimsí coireachta atá liostaithe, amhail sceimhlitheoireacht agus sciúradh airgid.

⁽¹⁾ Toiliú an 7 Iúil 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

- (7) Foráiltear le hAirteagal 83(1), an tríú fómhír, CFAE maidir le nós imeachta speisialta trína bhféadfaidh an Chomhairle réimsí nua coireachta a shainathint. Ní fhéadfar é sin a dhéanamh ach amháin tar éis measúnú cúramach a dhéanamh ar na critéir a leagtar amach sa Chonradh, a léiríonn cineál eisceachtúil an nós imeachta. Is imthosca eisceachtúla iad na forbairtí coireachta a chonacthas tar éis chogadh foghach na Rúise san Úcráin.
- (8) Na critéir dá dtagraítear in Airteagal 83(1), an chéad fómhír, CFAE a bhaineann le gné thrasteorann de réimse coireachta, eadhon cineál na gcionta coiriúla, nó an tionchar a bhíonn acu agus an gá speisialta atá le hiad a chomhrac ar bhonn coiteann, tá siad idirnasctha agus ní fhéadfar iad a mheasúnú ina n-aonar.
- (9) Ba cheart sárú bhearta sriantacha an Aontais a shainathint mar limistéar coireachta chun a áirithiú go gcuirfead beartas an Aontais maidir le bearta sriantacha chun feidhme go héifeachtach. Tá sárú bhearta sriantacha an Aontais aicmithe cheana féin mar chion coiriúil ag tromlach na mBallstát. Tá sainmhínte leathana i bhfeidhm ag roinnt Ballstát a dhéanann an sárú ar bhearta sriantacha a aicmiú mar chion coiriúil, amhail “sárú ar smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe agus an Aontais” nó “sárú ar rialacháin an Aontais”, ach tá forálacha níos mionsonraithe ag Ballstáit eile, mar shampla, ag cur liosta d’iompar toirmisce ar fáil. Tá na critéir ar dá réir a thagann an t-iompar faoi raon feidhme an dlí choiriúil éagsúil i measc na mBallstát, ach baineann siad de ghnáth lena dtromchúis (cineál tromchúiseach), a chinntear i dtéarmaí cáilíochtúla (mórfhaillí) nó i dtéarmaí cainníochtúla (damáiste).
- (10) Is réimse coireachta an-tromchúiseach é sárú bhearta sriantacha an Aontais, agus tá sé chomh tromchúiseach céanna leis na réimsí coireachta atá liostaithe in Airteagal 83(1) CFAE, ós rud é go bhféadfaidh sé buanú a dhéanamh ar bhagairtí ar shíocháin agus ar shlándáil idirnáisiúnta, an bonn a bhaint de chomhdhlúthú agus de thacaíocht don daonlathas, don smacht reachta agus do chearta an duine agus a bheith ina chúis le damáiste suntasach eacnamaíoch, sóisialta, sochaíoch agus comhshaoil. Mar gheall ar na sárúithe sin, tá daoine aonair agus eintitis a bhfuil a sócmhainní calctha nó a bhfuil a ngníomhaíochtaí srianta fós in ann rochtain a fháil ar a gcuid sócmhainní agus ar a gcórais tacaíochta a bhfuiltear ag díriú orthu le bearta sriantacha an Aontais nó tá rochtain acu go fóill ar chistí Stáit a mí-leithghabháladh iad. Ar an gcaoi chéanna, leis an airgead a ghintear le saothrú earraí agus acmhainní nádúrtha a thrádháiltear de shárú ar bhearta sriantacha an Aontais, féadfar a cheadú do na réimis a bhfuil na bearta sriantacha sin dírithe orthu airm agus armáin a cheannach lena ndéanann siad a gcoireanna. Thairis sin, d’fhéadfaidh sárú ar bhearta sriantacha an Aontais maidir le trádáil rannchuidiú le saothrú neamhdhleathach acmhainní nádúrtha sa dlínse a bhfuil na bearta sriantacha sin dírithe orthu.
- (11) I Rún 1196 (1998) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chuir Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun suntais a thábhachtaí atá sé éifeachtacht trádhaic arm a neartú chun infhaighteacht arm lena bhféadfaí dul i mbun coinbhleachtaí armtha a laghdú. Mhol sí freisin do Stáit machnamh a dhéanamh, mar bhealach chun a n-obleagáidí a chur chun feidhme chun cinntí na Comhairle Slándála a chomhlíonadh maidir le trádhaic arm, reachtaíocht nó bearta dlíthiúla eile a ghlacadh lena ndéantar sárú ar thrádhaic arm arna mbunú ag an gComhairle Slándála mar chion coiriúil.
- (12) Ós rud é go bhfuil sainmhínte agus pionóis an-éagsúil ag na Ballstáit i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais faoina ndlíthe náisiúnta, cuirtear le leibhéal éagsúla forfheidhmithe smachtbhannaí, ag brath ar an mBallstát ina saothraítear an sárú. Baineann sé sin an bonn ó chuspóirí an Aontais an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chosaint agus seasamh le comhluachanna an Aontais. Dá bhrí sin, tá gá áirithe le comhghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais tríd an dlí coiriúil.
- (13) Bíonn gné bhunúsach thrasteorann ag sárúithe ar bhearta sriantacha an Aontais in amanna. Ní hamháin gur féidir le daoine nádúrtha agus le rannpháirtíocht eintitis dhlíthiúla a oibríonn ar scála domhanda sárúithe den chineál sin a dhéanamh, ach i gcásanna áirithe cuireann siad bearta sriantacha de chuid an Aontais, amhail srianta ar sheirbhísí baincéireachta, toirmeasc ar oibríochtaí trasteorann fiú. Dá bhrí sin, má dhéantar sárú orthu is ionann sin agus sárú ar scála trasteorann a éilíonn freagairt choiteann trasteorann ar leibhéal an Aontais.

- (14) Is bac iad na sainmhínte agus na pionóis éagsúla ar shárú ar bhearta sriantacha an Aontais faoi dhlí náisiúnta na mBallstát ar chur i bhfeidhm comhsheasmhach bheartas an Aontais maidir le bearta sriantacha. Is féidir ciontóirí siopadóireacht fóraim a dhéanamh mar thoradh ar chiontóirí agus i bhfoirm a bheith saor ó pionós mar d'fhéadfaidís rogha a dhéanamh a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh sna Ballstáit sin a dhéanann foráil do phionós nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais. Dá ndéanfaí pionóis i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a chomhchuíbhíú, mhéadófaí freisin éifeachtacht, comhréireacht agus athchomhairleacht na bpionós den sórt sin.
- (15) Ba cheart, dá bhrí sin, sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a aithint mar “réimse coireachta” chun críocha Airteagal 83(1) CFAE toisc go gcomhlíonann sé na critéir a shonraítear san Airteagal sin.
- (16) Ní hamháin go rannchuideodh comhghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais le cothrom iomaíochta a bhaint amach i measc na mBallstát agus go gcuirfí feabhas ar fhorfheidhmiú an dlí agus ar an gcomhar breithiúnach chun aghaidh a thabhairt ar an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais; rannchuideodh sé freisin le cothrom iomaíochta domhanda a bhaint amach maidir le forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach le tríú tíortha maidir le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais.
- (17) Ní mór cuspóir an Chinnidh seo, eadhon an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a aithint mar réimse coireachta a leagtar síos in Airteagal 83(1) CFAE, a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, comhlíonann sé prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Cinneadh seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (18) Is gá, mar chéad chéim, sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a shainaithint mar réimse coireachta chun críche Airteagal 83(1) CFAE, ionas gur féidir, mar dhara céim, reachtaíocht thánaisteach shubstainteach a ghlacadh, *inter alia* i ndáil le bunú rialacha íosta maidir leis na sainmhínte agus na pionóis a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais.
- (19) Ní dhéanann an Cinneadh seo difear d'aon ghníomhaíochtaí a dhéanfar ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis na nósanna imeachta reachtacha atá leagtha síos sa Chonradh. Go háirithe, ní chinneann sé ná ní thagann sé roimh raon feidhme ná ábhar na reachtaíochta tánaistí a mholfar tar éis an Cinneadh seo a chur i bhfeidhm.
- (20) Tá sé rithábhachtach go n-ullmhófaí aon togra reachtach le haghaidh reachtaíocht thánaisteach den sórt sin i gcomhréir le prionsabail na rialála níos fearr.
- (21) Go háirithe, ní mór aird chuí a thabhairt ar éagsúlacht na gcóras náisiúnta agus ar ghnéithe bunúsacha de chórais cheartais choiriúil na mBallstát, lena n-áirítear maidir le pionóis a eagrú. Ní mór aird chuí a thabhairt freisin ar na coimircí le haghaidh cearta bunúsacha ar phrionsabal an neamh-aisghníomhaíochta i leith cionta coiriúla, ar phrionsabail na dlíthiúlachta agus na gcomhréireachta i gcionta coiriúla agus ar phrionsabail na bpionós a chumhdaítear in Airteagal 49 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, mar aon leis na ceanglais a bhaineann le beachtas, soiléire agus intuigtheacht an dlí choiriúil.
- (22) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, Prótacal atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (23) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag Éirinn, le litir an 29 Meitheamh 2022, gur mian léi bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm Chinnidh sin.
- (24) Chun go bhféadfar, mar ábhar práinne, reachtaíocht thánaisteach a ghlacadh lena mbunaítear rialacha íosta maidir leis na coireachta ina ndéantar sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a shainiú agus maidir le pionóis ina leith, ba cheart go dtiocfadh an Cinneadh seo i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is réimse coireachta laistigh de bhrí Airteagal 83(1), an dara fomhír, CFAE é sárú ar bhearta sriantacha an Aontais.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Samhain 2022.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

V. BALAŠ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2333 ÓN gCOIMISIÚN**an 23 Samhain 2022****maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le bolgach caorach agus bolgach gabhar sa Spáinn agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1913***(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 8629)***(Is é an téacs Spáinnise amháin atá barántúil)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is galar víreasach tógalach é bolgach caorach agus bolgach gabhar a bhíonn ar ainmhithe de chineál caorach nó gabhair agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríd tíortha. I gcás ráige den ghalar sin in ainmhithe den chineál gabhair agus den chineál caorach, tá riosca tromchúiseach ann go leathfaidh sé go bunaíochtaí eile ina gcoimeádtar na hainmhithe sin.
- (2) Sainmhínear bolgach caorach agus bolgach gabhar mar ghalar de chatagóir A i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ⁽²⁾. Ina theannta sin, le Rialachán Tarmligthe 2020/687 ón gCoimisiún ⁽³⁾ forlíontar na rialacha i dtaca le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainítear mar ghalar i gcatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882. Go háirithe, déantar foráil in Airteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar i gcatagóir A, lena n-áirítear bolgach caorach agus bolgach gabhar, agus maidir le bearta áirithe rialaithe galar a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta crios cosanta agus crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall ar na criosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.
- (3) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1913 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos leis bearta éigeandála le haghaidh na Spáinne i ndáil le ráigeanna de bholgach caorach agus de bholgach gabhar.
- (4) Go sonrach, foráiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1913 go gcuimseoidh na criosanna cosanta agus faireachais atá le bunú ag an mBallstát tar éis ráigeanna de bholgach caorach agus de bholgach gabhar, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

⁽¹⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64).

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1913 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir le bearta áirithe éigeandála a bhaineann le bolgach caorach agus bolgach gabhar sa Spáinn (IO L 261, 7.10.2022, lch. 53).

- (5) Ó bhí dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1913 ann, thug an Spáinn fógra don Choimisiún faoi sheacht ráig bhreise de bholgach caorach agus de bholgach gabhar i mbunaíochtaí inar coimeádadh ainmhithe den chineál gabhair agus/nó den chineál caorach, bunaíochtaí atá lonnaithe i réigiúin na hAndalúise agus Castilla — La Mancha. Dá thoradh sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais don Spáinn san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin, leasaíodh iad le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2004 ón gCoimisiún ⁽⁷⁾.
- (6) Ó bhí dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2004 ann, thug an Spáinn fógra don Choimisiún faoi thrí ráig bhreise de bholgach caorach agus de bholgach gabhar i mbunaíochtaí inar coimeádadh ainmhithe den chineál caorach agus/nó den chineál gabhair, bunaíochtaí atá lonnaithe i réigiúin na hAndalúise. Tá na ráigeanna sin uile ann laistigh de na criosanna srianta atá bunaithe cheana féin i gcúige Granada, i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1913, seachas ráig amháin atá ann i gcúige Almería. Is í an ráig sin an chéad ráig riamh i gcúige Almería, agus tá sí ann lasmuigh de na criosanna cosanta agus faireachais atá ann cheana.
- (7) Ar an iomlán, thug an Spáinn fógra faoi 19 ráig de bholgach caorach agus bolgach gabhar go dtí seo, ráigeanna atá scaipthe ar dhá bhraisle ar leithligh, braisle amháin acu i réigiún na hAndalúise agus an bhraisle eile i réigiún Castilla — La Mancha. I bhformhór na cásanna bíonn gaol eipidéimeolaíoch idir ráigeanna sa bhraisle chéanna, agus bíonn gné chomhchoiteann amháin nó níos mó acu.
- (8) Rinne údarás inniúil na Spáinne na bearta rialaithe galar is gá i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, lena n-áirítear bunú criosanna cosanta agus faireachais timpeall ar na ráigeanna sin.
- (9) Tá nuashonruithe á soláthar ag an Spáinn don Choimisiún go rialta i leith na staid eipidéimeolaíche maidir le bolgach caorach agus bolgach gabhar. Áirítear leis na nuashonruithe sin na bearta rialaithe galar a dhéanann an Spáinn agus a ndéanann an Coimisiún athbhreithniú orthu, chun measúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht, agus éabhlóid an ghalair á cur san áireamh.
- (10) Ina theannta sin, chuir an Spáinn an Coimisiún agus an Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha ar an eolas, in éagmais bearta maolaithe riosca atá dírithe go speisialta ar bholgach caorach agus ar bholgach gabhar in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus ag feitheamh le leasú ar an Iarscríbhinn sin, go gcuirfidh sí i bhfeidhm na bearta maolaithe riosca a leagtar amach san Iarscríbhinn sin le haghaidh ghalar an chraicinn chnapánaigh, maidir le feoil agus bainne ó ainmhithe den chineál gabhair agus den chineál caorach de thionscnamh na gcriosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. Tá sé ráite ag an Spáinn gur gá di na bearta maolaithe riosca sin a dhéanamh a chuireann san áireamh an chosúlacht idir víreas na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar agus víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh, dhá víreas a bhaineann leis an bhfíne *Poxviridae* agus leis an ngéineas *Capripoxvirus*.
- (11) Dá bhrí sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais don Spáinn san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1913, ba cheart iad a choigeartú a thuilleadh, ó thaobh spáis agus/nó ama de, agus ba cheart crios srianta breise a bhunú, chun leathadh breise an ghalair a chosc sa Spáinn agus sa chuid eile den Aontas. Ba cheart éabhlóid dhifreálach an ghalair i réigiúin na hAndalúise agus Castilla-La Mancha a chur san áireamh leis an gcoigeartú sin.
- (12) Thairis sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, ba cheart iad a ghrúpáil agus dáta coiteann a leagan síos, le haghaidh gach braisle, a bheidh siad infheidhme go dtí, agus an dáta a tugadh an réamhghlanadh agus an réamhdhíghalrú deireanach i gcrích á chur san áireamh, ionas go ndearnadh réamhghlanadh agus réamhdhíghalrú i leith gach ráige laistigh den limistéar céanna, san Andalúis agus in Castilla - La Mancha araon.
- (13) I dteannta na gcriosanna cosanta agus faireachais, ba cheart crios srianta breise a bhunú, i gcomhréir le hAirteagal 21(1) pointe (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, i réigiún na hAndalúise, áit nach bhfuil éabhlóid an ghalair chomh fabhrach céanna agus inar cheart don Spáinn bearta áirithe a chur i bhfeidhm, maidir le gluaiseachtaí caorach agus gabhar lasmuigh den chrios sin, d'fhonn cosc a chur ar leathadh an ghalair chuig an gcuid eile dá críoch.

⁽⁷⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2004 ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1913 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le bolgach caorach agus le bolgach gabhar sa Spáinn (IO L 274, 24.10.2022, lch. 69)

- (14) Agus éabhlóid na staide eipidéimeolaíche a mhéid a bhaineann le bolgach caorach agus bolgach gabhar sa Spáinn á cur san áireamh, agus chun aon chur isteach neamhriachtanach ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair laistigh den Aontas a sheachaint, agus chun bacainní gan údar ar thrádáil ag tríú tíortha a sheachaint, is gá i gcónaí na criosanna srianta do bholgach caorach agus do bholgach gabhar a shainathint go tapa ar leibhéal an Aontais. Ba cheart criosanna cosanta agus faireachais a bheith sna criosanna srianta sin, mar aon le crios srianta breise sa Bhallstát sin. Dá réir sin, na limistéir a shainithnítear mar chriosanna cosanta, criosanna faireachais, agus crios srianta breise, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, sa Spáinn, ba cheart iad a liostáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo agus ba cheart fad an réigiúnaithe sin a shocrú. Ina theannta sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1913 a aisghairm agus an Cinneadh seo a chur ina ionad.
- (15) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar, tá sé tábhachtach go mbeadh feidhm ag na bearta a leagtar síos sa Chinneadh seo a luaithe is féidir.
- (16) Ina theannta sin, agus aird á tabhairt ar an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair san Aontas a mhéid a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Márta 2023.
- (17) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leis an gCinneadh seo, bunaítear an méid seo a leanas ar leibhéal an Aontais:

- (a) na criosanna srianta ina bhfuil criosanna cosanta agus faireachais atá le bunú ag an Spáinn tar éis ráig nó ráigeanna de bholgach caorach agus de bholgach gabhar sa Spáinn, mar aon le crios srianta breise i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;
- (b) fad na mbeart rialaithe galar atá le cur i bhfeidhm sna criosanna cosanta, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, sna criosanna faireachais i gcomhréir le hAirteagal 55 den Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus sa chrios srianta breise i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Tarmligthe sin.

Airteagal 2

Criosanna srianta a bhunú

Áiritheoidh an Spáinn:

- (a) go mbunóidh údarás inniúil an Bhallstáit sin láithreach criosanna srianta ina bhfuil criosanna cosanta agus faireachais agus an crios srianta breise i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus faoi na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal sin agus in Airteagal 23 pointe (a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;
- (b) go gcuimseoidh na criosanna cosanta agus faireachais agus an crios srianta breise dá dtagraítear i bpointe (a) ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo;
- (c) go mbeidh feidhm ag na bearta i ngach crios srianta ar a laghad go dtí na dátaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

Bearta sa chrios srianta breise

1. Gluaiseachtaí caorach agus gabhar ón gcrios srianta breise go dtí ceann scríbe lasmuigh den chrios srianta breise sin, ní fhéadfar iad a dhéanamh ach amháin má údaraíonn an t-údarás inniúil iad agus má chomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo.

2. Na gluaiseachtaí seo a leanas maidir le caoirigh agus gabhair a choimeádtar sa chrios srianta breise lasmuigh den chrios sin laistigh de chríoch na Spáinne, féadfar iad a údarú:

- (a) Gluaiseachtaí caorach agus gabhar díreach chuig seamlas lena marú láithreach;
- (b) Gluaiseachtaí caorach agus gabhar díreach chuig bhunaíocht atá lonnaithe lasmuigh den chrios srianta breise, faoi na coinníollacha seo a leanas:
- (i) na hainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a aistriú, coimeádadh iad sa bhunaíocht tionscnaimh ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta an ghluaiseachta, nó ó rugadh iad má tá siad níos óige ná 30 lá;
- (ii) fanfaidh na caoirigh agus na gabhair sa bhunaíocht cinn scríbe ar feadh 30 lá ar a laghad tar éis dóibh í a shroicheadh, mura n-aistreofar iad díreach chuig seamlas lena marú láithreach;
- (iii) an modh iompair a úsáidfear chun na caoirigh agus na gabhair a aistriú:
- comhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 24(1) de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2020/687;
 - déanfar é a ghlanadh agus a dhíghalrú i gcomhréir le hAirteagal 24(2) de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2020/687 faoi rialú nó faoi mhaoirseacht údarás inniúil an Bhallstáit;
 - ní bheidh ann ach caoirigh agus gabhair a bhfuil an stádas sláinte céanna acu.
- (iv) na caoirigh agus gabhair a bhfuil sé beartaithe iad a aistriú, comhlíonann siad ceann de na ceanglais seo a leanas:
- laistigh de 48 uair roimh an luchtú, cuireadh na caoirigh agus na gabhair sa bhunaíocht tionscnaimh faoi scrúdú cliniciúil agus níor léirigh siad aon siomptóm cliniciúil ná lot na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar; nó
 - na caoirigh agus gabhair a bhfuil sé beartaithe iad a aistriú, comhlíonann siad aon ráthaíocht sláinte ainmhithe comhchosúil ar bhonn thoradh fabhrach ar mheasúnú riosca ar na bearta i gcoinne leathadh na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar a cheanglaíonn an t-údarás inniúil san áit tionscnaimh.

Airteagal 4

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1913 a aisghairm

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1913.

Airteagal 5

Cur i bhfeidhm

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Márta 2023.

Airteagal 6

Seoláí

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN

A. Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar ráigeanna deimhnithe

Réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid de na criosanna srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí
<p>Réigiún na hAndalúise</p> <p>ES-CAPRIPOX-2022-00001</p> <p>ES-CAPRIPOX-2022-00002</p> <p>ES-CAPRIPOX-2022-00005</p> <p>ES-CAPRIPOX-2022-00010</p> <p>ES-CAPRIPOX-2022-00011</p> <p>ES-CAPRIPOX-2022-00012</p> <p>ES-CAPRIPOX-2022-00013</p> <p>ES-CAPRIPOX-2022-00014</p> <p>ES-CAPRIPOX-2022-00017</p> <p>ES-CAPRIPOX-2022-00018</p> <p>ES-CAPRIPOX-2022-00019</p> <p>ES-CAPRIPOX-2022-00020</p> <p>ES-CAPRIPOX-2022-00021</p>	<p>An crios cosanta:</p> <p>Na codanna sin de chúige Granada, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 37.6035642, domhanfhad -2.6936342 (2022/1); domhanleithead 37.5863689, domhanfhad -2.6521595 (2022/2); domhanleithead 37.6160813, domhanfhad -2.7256039 (2022/5); domhanleithead 37.5918176, domhanfhad -2.7417097 (2022/10); domhanleithead 37.5911331, domhanfhad -2.7418932 (2022/11); domhanleithead 37.6138680, domhanfhad -2.6847572 (2022/12); domhanleithead 37.5736795, domhanfhad -2.5279898 (2022/13); domhanleithead 37.5733174, domhanfhad -2.5275844 (2022/14); domhanleithead 37.5812026, domhanfhad -2.7483923 (2022/17); domhanleithead 37.6283137, domhanfhad -2.6993772 (2022/19), domhanleithead 37.6616591, domhanfhad -2.682593 (2022/20), domhanleithead 37.6108408, domhanfhad -2.6912363 (2022/21)</p> <p>Na codanna sin de chúige Almería, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 37.4808816, domhanfhad -2.3875457 (2022/18)</p>	5.12.2022
	<p>An crios faireachais:</p> <p>Na codanna sin de chúige Granada, lasmuigh den limistéar a dtugtar tuairisc air sa chrios cosanta agus atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 gciliméadar agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 37.6035642, domhanfhad -2.6936342 (2022/1); domhanleithead 37.5863689, domhanfhad -2.6521595 (2022/2); domhanleithead 37.6160813, domhanfhad -2.7256039 (2022/5); domhanleithead 37.5918176, domhanfhad -2.7417097 (2022/10); domhanleithead 37.5911331, domhanfhad -2.7418932 (2022/11); domhanleithead 37.6138680, domhanfhad -2.6847572 (2022/12); domhanleithead 37.5736795, domhanfhad -2.5279898 (2022/13); domhanleithead 37.5733174, domhanfhad -2.5275844 (2022/14); domhanleithead 37.5812026, domhanfhad -2.7483923 (2022/17); domhanleithead 37.6283137, domhanfhad -2.6993772 (2022/19), domhanleithead 37.6616591, domhanfhad -2.682593 (2022/20), domhanleithead 37.6108408, domhanfhad -2.6912363 (2022/21)</p> <p>Na codanna sin de chúige Almería, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 37.4808816, domhanfhad -2.3875457 (2022/18)</p>	14.12.2022

	<p>An crios faireachais:</p> <p>Na codanna sin de chúige Granada, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 37.6035642, domhanfhad -2.6936342 (2022/1); domhanleithead 37.5863689, domhanfhad -2.6521595 (2022/2); domhanleithead 37.6160813, domhanfhad -2.7256039 (2022/5); domhanleithead 37.5918176, domhanfhad -2.7417097 (2022/10); domhanleithead 37.5911331, domhanfhad -2.7418932 (2022/11); domhanleithead 37.6138680, domhanfhad -2.6847572 (2022/12); domhanleithead 37.5736795, domhanfhad -2.5279898 (2022/13); domhanleithead 37.5733174, domhanfhad -2.5275844 (2022/14); domhanleithead 37.5812026, domhanfhad -2.7483923 (2022/17); domhanleithead 37.6283137, domhanfhad -2.6993772 (2022/19), domhanleithead 37.6616591, domhanfhad -2.682593 (2022/20), domhanleithead 37.6108408, domhanfhad -2.6912363 (2022/21)</p> <p>Na codanna sin de chúige Almería, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 37.4808816, domhanfhad -2.3875457 (2022/18)</p>	6.12.2022 – 14.12.2022
<p>Réigiún Castilla – La Mancha ES-CAPRIPOX-2022-00003 ES-CAPRIPOX-2022-00004 ES-CAPRIPOX-2022-00006 ES-CAPRIPOX-2022-00007 ES-CAPRIPOX-2022-00008 ES-CAPRIPOX-2022-00009 ES-CAPRIPOX-2022-00015 ES-CAPRIPOX-2022-00016</p>	<p>An crios cosanta:</p> <p>Na codanna sin de chúige Cuenca, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.5900156, domhanfhad -2.6593263 (2022/3); domhanleithead 39.5928739, domhanfhad -2.6693747 (2022/4); domhanleithead 39.6168798, domhanfhad -2.6208532 (2022/6); domhanleithead 39.5855338, domhanfhad -2.6638083 (2022/7); domhanleithead 39.5852137, domhanfhad -2.6648247 (2022/8); domhanleithead 39.5941535, domhanfhad -2.6691450 (2022/9); domhanleithead 39.5929735, domhanfhad -2.6707458 (2022/15); domhanleithead 39.5947196, domhanfhad -2.6688651 (2022/16)</p>	14.11.2022
	<p>An crios faireachais:</p> <p>Na codanna sin de chúige Cuenca, lasmuigh den limistéar a dtugtar tuairisc air sa chrios cosanta agus atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 chiliméadar agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.5900156, domhanfhad -2.6593263 (2022/3); domhanleithead 39.5928739, domhanfhad -2.6693747 (2022/4); domhanleithead 39.6168798, domhanfhad -2.6208532 (2022/6); domhanleithead 39.5855338, domhanfhad -2.6638083 (2022/7); domhanleithead 39.5852137, domhanfhad -2.6648247 (2022/8); domhanleithead 39.5941535, domhanfhad -2.6691450 (2022/9); domhanleithead 39.5929735, domhanfhad -2.6707458 (2022/15); domhanleithead 39.5947196, domhanfhad -2.6688651 (2022/16)</p>	23.11.2022

	<p>An crios faireachais: Na codanna sin de chúige Cuenca, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.5900156, domhanfhad -2,6593263 (2022/3); domhanleithead 39.5928739, domhanfhad -2,6693747 (2022/4); domhanleithead 39.6168798, domhanfhad -2.6208532 (2022/6); domhanleithead 39.5855338, domhanfhad -2.6638083 (2022/7); domhanleithead 39.5852137, domhanfhad -2.6648247 (2022/8); domhanleithead 39.5941535, domhanfhad -2.6691450 (2022/9); domhanleithead 39.5929735, domhanfhad -2.6707458 (2022/15); domhanleithead 39.5947196, domhanfhad -2.6688651 (2022/16)</p>	15.11.2022 – 23.11.2022
--	--	----------------------------

B. Criosanna srianta breise

Réigiún	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna srianta breise, cuid de na criosanna srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí
Réigiún na hAndalúise	<p>Crios srianta breise ina bhfuil na limistéir seo a leanas.</p> <p>I gCúige Granada, na bardasachtaí seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Castilléjar — Castril — Galera — Huéscar — Orce — Puebla de Don Fadrique — Baza — Benamaurel — Caniles — Cortes de Baza — Cuevas del Campo — Cúllar — Freila — Zújar <p>I gCúige Almería, na bardasachtaí seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Chirivel — María — Velez-Blanco — Velez-Rubio — Albanchez — Albox — Alcóntar — Arboleas — Armuña de Almanzora — Bacares — Bayarque — Cantoria — Chercos — Cóbдар — Fines — Laroya — Lijar 	16.1.2023”

	<ul style="list-style-type: none">— Lúcar— Macael— Olula del Río— Oria— Partaloa— Purchena— Serón— Sierro— Somontín— Suflí— Taberno— Tíjola— Urrácal	
--	--	--

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)